Faisnéis faoin mbeart leantach a rinneadh maidir leis an ngearán a cláraíodh faoin uimhir thagartha CHAP(2015)1071

Tá líon nach beag gearán faighte ag an gCoimisiún á mhaíomh go bhféadfadh sé nach bhfuil dálaí oibre breitheamh oinigh san Iodáil, lena n-áirítear ionchúisitheoirí tánaisteacha oinigh, ag teacht le forálacha áirithe de dhlí saothair an Aontais Eorpaigh.

Tá na gearáin sin cláraithe ag an gCoimisiún Eorpach faoin tagairt CHAP(2015)1071.

I bhfianaise an lín mhóir gearán a fuarthas maidir leis an gcás seo, tá á fhoilsiú ag an gCoimisiún an fógra seo ar an suíomh gréasáin *Europa*, d'fhonn iad siúd ar fad lena mbaineann sé a chur ar an eolas agus d'fhonn acmhainní riaracháin an Choimisiúin a úsáid ar dhóigh éifeachtúil.

Ar bhonn na ngearán sin, tá imscrúdú tionscanta ag an gCoimisiún i dtaca le comhréireacht dhlí na hIodáile le forálacha na Treorach maidir le hEagrú Ama Oibre agus na Treorach maidir le hObair Théarma Shocraithe.

Idir an dá linn, an 7 Lúnasa 2017, rinne an Giudice di Pace di L'Aquila (Giúistís Síochána L'Aquila, an Iodáil) iarratas ar réamhrialú (Cás C-472/17 Di Girolamo, IO C 347, 16.10.2017, lch. 15-16) a thaisceadh le Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh (CBAE).

An 6 Meán Fómhair 2018, dhearbhaigh CBAE an cás a bheith doghlactha (IO C 399, 5.11.2018, lch. 13).

An 1 Deireadh Fómhair 2018 rinne an Giudice di Pace di L'Aquila tarchur nua chun réamhrialú a thaisceadh maidir le cás C-618/18 *Di Girolamo* (IO C 25, 21.1.2019, lch. 16). Agus an 22 Deireadh Fómhair 2018 rinne an Giudice di Pace di Bologna (an Iodáil) ceist den chineál céanna a chur faoi bhráid CBAE maidir le cás C-658/18 UX (IO C 25, 21.1.2019, lch. 19).

Faoi láthair tá na nósanna imeachta sin maidir le réamhrialú ar feithimh os comhair Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh. Toisc go bhfuil na gnéithe a ardaíodh sna hiarratais ar réamhrialú ina bpríomhábhar san imscrúdú atá á dhéanamh ag an gCoimisiún, tá an Coimisiún ag fanacht le toradh an cháis seo sula ndéanfar cinneadh faoin mbealach is fearr chun tosaigh.

Is ar an suíomh gréasáin seo a choinneoidh an Coimisiún na gearánaigh ar an eolas faoi na bearta leantacha a dhéanfar i leith a ghearáin.